


**2014-2015**

**DIOPLÓMA IARCHÉIME SAN  
AISTRIÚCHÁN**



**LEIBHÉAL 9: AN CREAT  
NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ**

**COLÁISTE NA hÉIREANN /  
GAELCHULTÚR**

# RÉAMHRÁ

Bunaíodh Gaelchultúr in 2004 agus é mar aidhm ag lucht a bhunaithe an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre.

Chuireamar tús le ranganna Gaeilge don phobal i gcoitinne in earrach na bliana 2005 agus ó shin i leith tá méadú mór tagtha ar líon na bhfoghlaimoirí agus ar an réimse cúrsaí teanga atá á thairiscint againn.

Bhí sé mar sprioc againn ón tús cúrsaí creidiúnaithe a chur ar fáil agus ba chéim mhór chun tosaigh é nuair a bhaineadar stádas amach mar sholáthróir dámhachtainí ó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) ag deireadh 2011. Chuireamar tús leis an gcéad sainchúrsa creidiúnaithe don earnáil phoiblí, Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil, i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus tá an cúrsa sin ar fáil anois ag leibhéal 3–5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

I samhradh na bliana 2013, tharla an rud is tábhachtaí agus is suntasaí i stair ghairid Gaelchultúir nuair a bhronn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) stádas mar choláiste tríú leibhéal orainn. Lena chois sin, thug siad cead dúinn Diplóma Iarchéime san Aistriúchán a chur ar fáil ag leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Bhí tús curtha, mar sin, le Coláiste na hÉireann, an chéad institiúid tríú leibhéal lán-Ghaeilge.

Tá mioneoas le fáil sa bhróisiúr seo mar gheall ar an gcéad chúrsa iarchéime seo atá á thairiscint ag Coláiste na hÉireann. Tá súil againn go rachaidh an tionscadal nua seo de chuid Gaelchultúir i bhfeidhm ar phobal na Gaeilge, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne, agus go n-éireoidh leis rian láidir agus dearfach a fhágáil ar earnáil an oideachais in Éirinn.

Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais agus

Darren Ó Rodaigh, Stiúrthóir Tráchtála

Coláiste na hÉireann / Gaelchultúr

# EOLAS GINEARÁLTA FAOIN gCÚRSA

## CÉ DÓIBH AN CÚRSA SEO?

Tá an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán dírithe orthu siúd a bhfuil scileanna maithhe Gaeilge acu cheana féin ach ar mhaith leo scileanna aistriúcháin a fhoghlaim nó cur lena scileanna sa réimse sin. Tá sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil – múinteoirí agus iriseoirí, mar shampla – ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna scríofa Gaeilge.

## AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Seo thíos aidhmeanna agus cuspóirí an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán:

- oiliúint teanga ag ardleibhéal a chur ar fáil i nGaeilge chun cur leis an líon céimithe a bhfuil sainscileanna Gaeilge acu;
- oiliúint san aistriúchán dlíthiúil ó Bhéarla go Gaeilge a chur ar fáil, le go mbeidh na

sainscileanna cuí ag dóthain daoine chun gur féidir fáil réidh leis an maolú atá i bhfeidhm i gcás na Gaeilge san Aontas Eorpach;

- na scileanna teicneolaíochta a mhúineadh do mhic léinn a bheidh de dhíth orthu le feidhmiú go héifeachtach mar aistritheoirí gairmiúla;
- teastasú a chur ar fáil do mhic léinn a bhainfidh leibhéal ard cumais amach sa teanga scríofa, sa ghramadach agus san aistriúchán, rud a chuirfidh ar a gcumas poist a bhaint amach in earnáil an aistriúcháin, in earnáil na Gaeilge agus in earnálacha eile;
- oiliúint a chur ar fáil do mhic léinn agus scileanna inaistrithe a mhúineadh dóibh a chabhróidh leo feidhmiú go neamhspleách ar bhonn fadtéarmach.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Seo thíos na torthaí foghlama a bheidh i gceist i gcás na mac léinn a n-éireoidh leo an clár a chríochnú go sásúil.

- Beidh eolas cuimsitheach acu ar ghramadach na Gaeilge agus beidh ardscoilleana scríofa acu sa teanga.
- Beidh siad in ann réimse téacsanna Béarla a aistriú go Gaeilge agus beidh saineolas acu maidir le téacsanna dlí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.
- Beidh siad in ann a gcuid téacsanna féin agus téacsanna daoine eile a athbhreithniú.
- Beidh cur amach acu ar réimse leathan áiseanna teicneolaíochta úsáideacha a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an aistriúchán, agus beidh siad in ann leas éifeachtach a bhaint astu.
- Beidh tuiscint acu ar theoiric an aistriúcháin.
- Beidh léargas faighte acu ar ghairm an aistritheora agus beidh tuiscint acu ar ghnéithe praiticiúla den obair sin.
- Beidh siad in ann réimse teicnící taighde agus fiosraithe a úsáid.
- Beidh siad in ann gníomhú go gairmiúil i réimse leathan ról in earnáil an aistriúcháin agus in earnáil na Gaeilge.

## FAD AGUS STRUCHTÚR GINEARÁLTA AN CHÚRSA

Mairfidh an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán trí sheimeastar nó cúig mhí dhéag ar fad. Tá an clár ag leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilfochtaí ([www.nfq.ie](http://www.nfq.ie)) agus is fiú 60 creidiúint ECTS é.

Beidh an fhoghlaim chumaisc i gceist sa chúrsa, is é sin, meascán den staidéar ar líne, de ranganna beo ar líne agus de léachtaí agus ranganna teagaisc sa seomra ranga. Beidh na léachtaí agus na ranganna teagaisc ar siúl Satharn amháin sa mhí agus seo a leanas an clár ama a bheidh i gceist:

10.00am–1.00pm agus 2.00–5.00pm

Tá na dátaí ar a mbeidh na seisiúin Sathairn ar siúl le fáil ar leathanach 7.



## OBAIR AN CHÚRSA

Beidh fáil ag na mic léinn ar chúrsaí idirghníomhacha ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, agus beidh siad in ann úsáid a bhaint as an ábhar seo agus iad ag ullmhú do na seisiúin sa seomra ranga agus do na ranganna beo ar líne. Beidh sé úsáideach dóibh freisin agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar obair an chúrsa.

Tabharfar tascanna scríofa le déanamh do na mic léinn go rialta agus beidh orthu na ceachtanna seo a sheoladh ar an ríomhphost chuig a dteagascóir. Cuirfear aiseolas mion ar fáil dóibh ar an ríomhphost.

Beidh roinnt ranganna beo ar líne i gceist i ngach seimeastar freisin agus is san oíche a bheidh na ranganna seo ar siúl. Tabharfar níos mó eolais do na mic léinn faoi na seisiúin bheo ar líne, agus faoi gach gné d'obair an chúrsa, i dtreoirleabhar a thabharfar dóibh ag tús an chéad seimeastair. Beidh eolas sa treoirleabhar freisin maidir leis na tionscail a bheidh le déanamh ag na mic léinn.

## IONAD

Beidh léachtaí agus ranganna teagaisc an chúrsa ar siúl i gColáiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2. Tá eolas le fáil faoi shuíomh an ionaid sa rannóg 'Eolas Fúinn' ar [www.gaelchultur.com](http://www.gaelchultur.com).

## CUR CHUIGE TEAGAISC

De bhrí nach mbeidh ach líon teoranta daoine ag tabhairt faoin Diplóma Iarchéime san Aistriúchán, beidh sé níos fusa ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur ar na léachtóirí agus ar na teagascóirí.

Beidh obair bheirte agus obair ghrúpa i gceist sna léachtaí agus sna ranganna teagaisc araon agus, dá bhrí sin, beidh deis ag na mic léinn páirt ghníomhach a ghlacadh sna seisiúin sin.

# MODÚIL AN CHÚRSA

SEIMEASTAR	MODÚL	CREIDIÚINTÍ
1	Cruineas na Gaeilge 1	10 ECTS
1	Teoiric agus Gairm an Aistriúcháin	5 ECTS
1	Scileanna Aistriúcháin 1	5 ECTS
2	Cruineas na Gaeilge 2	5 ECTS
2	Teicneolaíocht an Aistriúcháin 1	5 ECTS
2	Aistriúchán Dlíthiúil 1	5 ECTS
2	Scileanna Aistriúcháin 2	5 ECTS
3	Teoiric agus Taighde an Aistriúcháin	5 ECTS
3	Teicneolaíocht an Aistriúcháin 2	5 ECTS
3	Aistriúchán Dlíthiúil 2	5 ECTS
3	Scileanna Aistriúcháin 3	5 ECTS

## CRUINEAS NA GAEILGE (1 AGUS 2)

Díreofar sa mhodúl seo ar na gnéithe is tábhachtaí agus is lárnaí de ghramadach na Gaeilge. Féachfar le cumas Gaeilge na rannpháirtithe a fheabhsú trí réimse cleachtaí gramadaí a thabhairt le déanamh dóibh ina ndíreofar ar phointí deacrachta sa teanga.

Cuirfear béim láidir ar shaibhreas na Gaeilge agus ar an tábhacht a bhaineann le Béarlachas a sheachaint. Díreofar ar chúrsaí poncaíochta agus ar chúrsaí eagarthóireachta chomh maith agus tabharfar eolas do na mic léinn mar gheall ar na hacmhainní teicneolaíochta atá ar fáil dóibhsean a bhíonn ag scríobh na Gaeilge.

## TEOIRIC AGUS GAIRM AN AISTRIÚCHÁIN

Sa chéad chuid den mhodúl seo, scrúdófar príomhghnéithe theoiricí comhaimseartha an aistriúcháin agus pléifear na cineálacha éagsúla aistriúcháin a oireann do sheánraí éagsúla téacsanna. Díreofar ar an gcritic aistriúcháin freisin chun tuiscint níos fearr a thabhairt do na mic léinn ar cad is ‘aistriúchán maith’ nó ‘drochaistriúchán’ ann.

Sa dara leath den mhodúl, díreofar ar ghairm an aistriúcháin agus tabharfar eolas praiticiúil do na mic léinn faoin ngairm sin, e.g. deiseanna fostaíochta in institiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid an Aontais Eorpaigh, an obair atá ar siúl ag cuideachtaí aistriúcháin, comhairle phraiticiúil don ábhar aistritheora.

## SCILEANNA AISTRIÚCHÁIN (1, 2 AGUS 3)

Is é aidhm an mhodúil seo cumas aistriúcháin na mac léinn a fhorbairt agus a fheabhsú.

Cuirfear ar chumas na mac léinn déileáil go criticiúil anailíseach le fadhbanna a thagann chun cinn go minic san aistriúchán Béarla-Gaeilge, e.g. béarlagair, réim, bearnaí séimeantacha agus difríochtaí comhréire idir an dá theanga. Cuirfear béim ar an mBéarlachas agus conas é a sheachaint, agus pléifear na dúshlán a bhaineann le nuathearmaíocht na Gaeilge agus aistriú coincheap ó Bhéarla go Gaeilge. Cuirfear béim faoi leith ar intuigtheacht agus ar an tábhacht a bhaineann leis an bpobal ar a bhfuil téacs dírithe a chur san áireamh agus aistriúchán á dhéanamh.

Pléifear na forbairtí atá tar éis tarlú in earnáil an aistriúcháin le fiche bliain anuas agus na himpleachtaí a bhaineann leo don té atá ag saothrú cheird an aistriúcháin ar bhonn gairmiúil. Cuirfear na mic léinn ar an eolas freisin faoi na conspóidí atá ann maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil Athbheithnithe.

Díreofar go príomha ar na cineálacha téacsanna is mó a aistrítear go Gaeilge i gcomhthéacsanna gairmiúla – tuarascálacha bliantúla agus scrípteanna teilifíse, cuir i gcás – ach beidh deis ag na mic léinn triail a bhaint as réimse leathan téacsanna eile a aistriú freisin, téacsanna liteartha ina measc.







## TEICNEOLAÍOCHT AN AISTRIÚCHÁIN (1 AGUS 2)

Is é aidhm an mhodúil seo na mic léinn a chur ar an eolas mar gheall ar na háiseanna teicneolaíochta is tábhachtaí atá ar fáil dóibh siúd atá ag obair trí mheán na Gaeilge agus in earnáil an aistriúcháin.

Beidh sé mar sprioc ag an modúl cur ar chumas na mac léinn eolas mar gheall ar ghramadach na Gaeilge agus ar théarmaíocht na Gaeilge a lorg ar líne agus caighdeán i bhfad níos airde a bhaint amach i scríobh na Gaeilge dá bharr. Cuirfear béim láidir ar na forbairtí teicneolaíochta atá tar éis tarlú le deich mbliana anuas a bhfuil impleachtaí acu don té atá ag obair mar aistritheoir. Múinfear do na mic léinn conas úsáid éifeachtach a bhaint as bunachair théarmaíochta agus díreofar freisin ar phacáistí cuimhne aistriúcháin.

## AISTRIÚCHÁN DLÍTHIÚIL (1 AGUS 2)

Is é aidhm an mhodúil seo na mic léinn a chur ar an eolas faoin aistriúchán dlíthiúil in Éirinn agus in institiúidí an Aontais Eorpaigh. Díreofar ar na deacrachtaí a bhaineann le téacsanna den chineál seo a aistriú, ar chúrsaí réime agus stíle, ar cheisteanna bunreachtúla, ar fhasaigh, ar chinntí maidir le téarmaíocht agus ar intuigtheacht.

## TEOIRIC AGUS TAIGHDE AN AISTRIÚCHÁIN

Tógfar ar ábhar an mhodúil Teoiric agus Gairm an Aistriúcháin sa mhodúl seo, agus déanfaidh na mic léinn tuilleadh staidéir ar an gcritic aistriúcháin agus ar theoiricí an aistriúcháin. Beidh orthu anailís chriticiúil a dhéanamh ar chineálacha éagsúla téacsanna aistrithe i bhfianaise na dteoiricí sin féachaint cé chomh maith leo mar aistriúcháin agus mar théacsanna sprioctheanga. Bainfidh na mic léinn úsáid as ábhar an dá mhodúl chun tabhairt faoi thionscadal taighde – aiste chritice ar théacs a aistríodh ó Bhéarla go Gaeilge.



# SCEIDEAL AGUS MEASÚNÚ

SEIMEASTAR 1	
Dé Sathairn, 20 Meán Fómhair 2014	Léachtaí
Dé Sathairn, 18 Deireadh Fómhair 2014	Léachtaí
Dé Sathairn, 8 Samhain 2014	Léachtaí
Dé Sathairn, 29 Samhain 2014	Léachtaí
Dé hAoine, 12 Nollaig & Dé Sathairn, 13 Nollaig 2014	Scrúduithe
SEIMEASTAR 2	
Dé Sathairn, 31 Eanáir 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 28 Feabhra 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 21 Márta 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 18 Aibreán 2015	Léachtaí
Dé hAoine, 1 Bealtaine & Dé Sathairn, 2 Bealtaine 2015	Scrúduithe
SEIMEASTAR 3	
Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 17 Deireadh Fómhair 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 7 Samhain 2015	Léachtaí
Dé Sathairn, 28 Samhain 2015	Léachtaí
Dé hAoine, 11 Nollaig & Dé Sathairn, 12 Nollaig 2015	Scrúduithe

SEIMEASTAR	MODÚL	MEASÚNÚ LEANÚNACH	SCRÚDÚ
1	Cruinneas na Gaeilge 1	40%	60%
1	Teoiric agus Gairm an Aistriúcháin	40%	60%
1	Scileanna Aistriúcháin 1	40%	60%
2	Cruinneas na Gaeilge 2	40%	60%
2	Teicneolaíocht an Aistriúcháin 1	100%	0%
2	Aistriúchán Dlíthiúil 1	40%	60%
2	Scileanna Aistriúcháin 2	40%	60%
3	Teoiric agus Taighde an Aistriúcháin	70%	30%
3	Teicneolaíocht an Aistriúcháin 2	100%	0%
3	Aistriúchán Dlíthiúil 2	40%	60%
3	Scileanna Aistriúcháin 3	40%	60%

# FOIREANN TEAGAISC AN CHLÁIR



**Éamonn Ó Dónaill**

Is as Gaeltacht Ghaoth Dobhair ó dhúchas é Éamonn Ó Dónaill. Chaith sé sé bliana (1996-2002) ag obair mar Stiúrthóir ar an Teanglann i Roinn na Nua-Ghaeilge, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus d'oibrigh sé mar chomhairleoir teanga ina dhiaidh sin.

Bhí Éamonn ina chomhordaitheoir teanga ar dhá shraith teilifíse d'fhoghlaimoirí Gaeilge go dtí seo: *Turas Teanga*, a craoladh ar RTÉ in 2004, agus *Now You're Talking*, a craoladh ar RTÉ agus ar an BBC i 1995. Scríobh sé an dá leabhar a bhí ag dul leis na sraitheanna sin chomh maith.

Is iad *Gaeilge gan Stró! – Lower Intermediate Level* (2009), *Gaeilge gan Stró! – Beginners Level* (2011) agus *Gramadach gan Stró!* (2013) na leabhair is deireanaí uaidh.

Tá Éamonn ag feidhmiú mar Stiúrthóir Oideachais Ghaelchultúir ó bhí 2005 ann.



**Helen Hegarty**

Is as Contae an Chláir ó dhúchas í Helen Hegarty. Tá bunchéim aici sa Dlí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Dioplóma i nDlí na Fraince agus san Aistriúchán Dlíthiúil aici ó Université Paris X.

Bronnadh an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí ar Helen in 2009 agus an Séala Creidiúnaithe d'Eagarthóirí in 2011.

In 2011, bhain sí amach Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Fuair sí céad onóracha sa chúrsa sin agus Duais Uí Dhoibhlin i Léann an Aistriúcháin as an marc ab airde sa rang a ghnóthú.

Bhain Helen amach Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil in Óstaí an Rí in 2011. Fuair sí pas le gradam sa chúrsa sin agus an chéad áit sa rang.

Tá sí ag feidhmiú mar eagarthóir ar *Nuachtlitir Ghaelchultúir* ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2010 ann agus mar Bhainisteoir Forbartha Curaclaim Ghaelchultúir le trí bliana anuas.



**Aodh Ó Gallchóir**

Is as Gort an Choirce i nGaeltacht Thír Chonaill é Aodh Ó Gallchóir. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé amach bunchéim sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht in 2007 agus céim mháistir sa Nua-Ghaeilge in 2008. Tá Diplóma Gairmiúil san Oideachas aige fosta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Chaith Aodh tréimhsí ag obair mar eagarthóir cunta le Cló Iar-Chonnacht agus leis an nGúm, chomh maith le bheith ag obair mar shaoraistritheoir, mar chomhairleoir teanga do roinnt clár teilifíse agus mar aistritheoir don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.

Tá sé tar éis eagarthóireacht a dhéanamh ar fhoilseacháin éagsúla de chuid Ghaelchultúir, *Gníomhaíochtaí Gasta* (2013) agus eagrán 3 de *Gramadach gan Stró!* (2013) ina measc.

Tá Aodh ag feidhmiú mar Bhainisteoir Sainchúrsaí le Gaelchultúr ó bhí Meán Fómhair 2012 ann.



**Cólín Ó Floinn**

Is as Nua-Eabhrac ó dhúchas é Cólín Ó Floinn. Bhain sé bunchéim amach sa Stair agus sa Léann Éireannach in Ollscoil Nua-Eabhrac (NYU) sa bhliain 2000. Rinne sé an tArdteastas san Oideachas (An COBÁC) in 2005.

Bhain Cólín amach M.Phil. sa Teangeolaíocht Fheidhmeach i gColáiste na Tríonóide in 2009. Tá PhD idir lámha aige faoi láthair le hIonad an Léinn Teangacha agus Chumarsáide (Centre for Language and Communication Studies) sa choláiste céanna.

Tá cúrsaí Gaeilge múinte ag Cólín i réimse eagrais agus coláistí, an tÚdarás um Ard-Oideachas, an Roinn Oideachais, Coláiste na Tríonóide, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ina measc. Tá cúrsaí sa teangeolaíocht fheidhmeach múinte aige i gColáiste na Tríonóide agus in Institiúid Oideachais Marino freisin.

## ANTAIN MAG SHAMHRÁIN

Tá Antain Mag Shamhráin fostaithe mar Bhainisteoir Sheirbhís an Aistriúcháin ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ó bhí 2005 ann. Roimhe sin, chaith sé cúig bliana is fiche ag obair mar eagarthóir leis an nGúm.

## ANNE-MARIE DOWLING

Is aistritheoir sinsearach í Anne-Marie Dowling le Rannóg an Aistriúcháin i mBaile Átha Cliath.

## FIONNUALA CROKER

Is dlíodóir agus Rapóirtéir na hÉireann leis an mBanc Ceannais Eorpach in Frankfurt í Fionnuala Croker. D'oibrigh sí mar dhlítheangeolaí le Parlaimint na hEorpa agus bhain sí cáilíocht mar abhcóide amach in Óstaí an Rí sa bhliain 2000.

## DONNCHA Ó CRÓINÍN

Is aistritheoir agus ríomhtheangeolaí é Donncha Ó Cróinín, M.Phil., agus is stiúrthóir é ar na seirbhísí acmhainn.ie agus freagra.net.

# AN BORD RIALACHAIS

Is iad seo a leanas baill sheachtracha Choláiste na hÉireann:

### [An Dr Fionnbarra Ó Brolcháin \(Cathaoirleach\)](#)

Is léachtóir páirtaimseartha é Fionnbarra Ó Brolcháin i Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD. Tá cáil air as tús a chur le Fiontar, roinn a bhunaigh sé in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun fiontraíocht a spreagadh i measc mac léinn. Tá céim aige san innealtóireacht leictreach ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh; MBA ó Ollscoil Syracuse, Nua-Eabhrac; agus PhD in Airgeadas Idirnáisiúnta ó Scoil Ghnó Stern, Ollscoil Nua-Eabhrac.

### [An tOllamh Bríona Nic Dhiarmada](#)

Is Ollamh le Scannánaíocht, Teilifís agus Drámaíocht í Bríona Nic Dhiarmada in Ollscoil Notre Dame. Is Comhalta í d'Institiúid Keough-Naughton i Léann na hÉireann. Tá breis is 35 scrípt teilifíse scríofa aici agus bhí sí ina léiritheoir ar dheich gclár faisnéise go dtí seo.

In 2006, bronnadh Duais Merriman do Leabhar Acadúil Gaeilge na Bliana ar shaothar de chuid Bhríona, *Téacs Baineann, Téacs Mná*. Is eagarthóir í ar *The Field Day Anthology, Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge* agus *Cambridge History of Irish Women Writers*.

### [An tOllamh Liam Dolan](#)

Is Ollamh le Luibheolaíocht in Ollscoil Oxford é Liam Dolan. Sular ceapadh sa phost sin é, bóllamh é in Ionad John Innes, Norwich. Is Comhalta é de Choláiste Magdalen agus is é Coimeádaí Gharraithe na Lusanna in Ollscoil Oxford é. In 2010, toghadh é mar bhall den EMBO (An Eagraíocht Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach). Tá BSc agus MSc aige sa Luibheolaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus bhain sé PhD amach in Ollscoil Pennsylvania.

Tá cáil idirnáisiúnta ar Liam i réimse na luibheolaíochta agus tá ailt dá chuid curtha i gcló i réimse leathan irisleabhar, *Nature and Science* ina measc.

# RIACHTANAIS IONTRÁLA

## BUNCHÉIM / CAIGHDEÁN BÉARLA

Ní mór dóibh siúd a chuirfidh iarratas isteach ar an gcúrsa:

(1) bunchéim sa Ghaeilge a bheith acu, nó a comhionann (e.g. B.Ed.), ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

nó

bunchéim a bheith acu i ndisciplín eile ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

(2) Ar a laghad grád B (gnáthleibhéal) nó grád D (ardleibhéal) sa Bhéarla ag leibhéal na hArdeistiméireachta nó a chomhionann.

*Nóta:* Beidh ar iarratasóirí a n-éireoidh leo áit a bhaint amach ar an gcúrsa seo tras-scríbhinn dá gcuid torthaí sa bhunchéim a chur ar fáil.

## SCRÚDÚ IONTRÁLA / BÉALTRIAL

Beidh ar gach iarratasóir tabhairt faoi scrúdú iontrála chun a oiriúnacht don chlár a léiriú. Beidh idir aistriúchán agus ghramadach i gceist sa scrúdú scríofa seo agus beidh sé ar siúl idir 2.00pm agus 4.00pm, Dé Sathairn, 6 Meán Fómhair. Tá páipéar scrúdaithe samplach le fáil ag [www.gaelchultur.com/disa](http://www.gaelchultur.com/disa).

*Nóta:* Ní gá dóibhsean ar éirigh leo pas a fháil i scrúdú ceannchúrsa an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge an scrúdú iontrála seo a dhéanamh. Más mian leo marc níos airde a bhaint amach ná mar a fuair

siad sa scrúdú ceannchúrsa, áfach, beidh fáilte rompu an scrúdú iontrála a dhéanamh.

D'fhéadfaí béaltrial a chur ar iarratasóirí mar chuid den phróiseas iontrála.

## CINNEADH MAIDIR LE hÁITEANNA

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na hiarratasóirí a mbronnfar áit ar an gcúrsa orthu:

- cáilíochtaí acadúla
- freagraí ar an bhfoirm iarratais
- toradh sa scrúdú iontrála
- toradh sa bhéaltrial

## SPRIOCdhÁTA D'IARRATAIS

Is é an spriocdháta d'iarratais do chúrsa 2014 -2015 ná Dé Máirt, 2 Meán Fómhair 2014.

## TÁILLÍ TEAGAISC

€1,495 in aghaidh an tseimeastair an táille a bheidh le híoc ag rannpháirtithe an chúrsa. Tá faoiseamh cánach le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim ([www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)) i gcás táillí dá leithéid.

# DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

<b>Seisiúin eolais* maidir leis an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán:</b>	12.00-1.00pm, Dé Sathairn, 17 Bealtaine 2014 6.00-7.00pm, Dé Máirt, 26 Lúnasa 2014 12.00-1.00pm, Dé Sathairn, 30 Lúnasa 2014  Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
<b>Spriocdháta d'iarraitais:</b>	Dé Máirt, 2 Meán Fómhair 2014
<b>Scrúdú iontrála:</b>	2.00-4.00pm, Dé Sathairn, 6 Meán Fómhair 2014  Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
<b>Tairiscintí á seoladh chuig iarraitasóirí ar an ríomhphost:</b>	Dé Máirt, 9 Meán Fómhair 2014
<b>Tús an chúrsa:</b>	10.00am, Dé Sathairn, 20 Meán Fómhair 2014  Ionad: Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2

\*Beidh deis acusan a fhreastalóidh ar na seisiúin eolais bualadh le léachtóirí de chuid an Diplóma Iarchéime san Aistriúchán agus ceisteanna a chur orthu maidir leis an gcúrsa. Beidh na léachtóirí in ann a rá leo freisin cé acu a d'oirfeadh an cúrsa dóibh nó nach n-oirfeadh.

## BREIS EOLAIS

Tá breis eolais le fáil faoin Diplóma Iarchéime san Aistriúchán ó:

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

11 Sráid an Chláraigh

Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 484 5220

Ríomhphost: [eolas@gaelchultur.com](mailto:eolas@gaelchultur.com)

Suíomh gréasáin: [www.gaelchultur.com](http://www.gaelchultur.com)



# FOIRM IARRATAIS

Ní mór don fhoirm iarratais seo a bheith faighte ag Coláiste na hÉireann/  
Gaelchultúr ag an seoladh thíos faoi DÉ MÁIRT, 2 MEÁN FÓMHAIR 2014

AINM & SLOINNE:.....

SEOLADH: .....

.....

.....

UIMHIR

GHUTHÁIN: .....

RÍOMHPOST: .....

DÁTA BREITHE:

SAORÁNACHT: .....

CÉN ÁIT AR CHUALA TÚ FAOIN gCÚRSA SEO?

.....

## SCILEANNA

RÍOMHAIREACHTA:

AN-MHAITH

RÉASÚNTA MAITH

LAG

Microsoft Word  
(nó a chomhionann)

Brabhsálaithe éagsúla  
(e.g. Internet Explorer)

Ríomhphost

CÉN FÁTH AR MHAITH LEAT AN CÚRSA SEO A DHÉANAMH?

.....

.....

.....

.....

.....

.....

# FOIRM IARRATAIS (AR LEAN.)

CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA

Teideal, leibhéal, institiúid, bliain, toradh agus ábha(i)r

Large white rectangular area with horizontal dotted lines for writing the title, level, institution, year, subject, and course.

## TAITHÍ GHAIRMIÚIL AGUS TAITHÍ EILE

Large white rectangular area with horizontal dotted lines for writing about work experience and other activities.

Is féidir leathanach sa bhreis a chur leis an bhfoirm seo, más gá.

SÍNIÚ:

DÁTA:

Seol an foirm chomhlánaithe seo chuig:

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr, 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2